

# CUARDACH BEAG MHUINEACHÁIN



1.	'Agus Guigh air ...' Críochnaigh an sliocht atá ar uaigh <i>Patrick Kavanagh</i> sa reilig in aice leis an Ionad <i>Patrick Kavanagh in Inis Caoin</i> .
2.	Ag an gClogtheach in Inis Caoin tá cloch mhór agus naomh de chuid na hÉireann greanta uirthi. An féidir leat teacht ar an gcloch agus cad is ainm don naomh?
3.	Tráth dá raibh thugtaí 'Sráid an Chaisleáin' ar an bPríomhshráid i gCarraig Mhachaire Rois, cá raibh an 'caisleán' a bhíodh ann agus cé thóg é? <i>Breis pointí más féidir leat teacht ar ainm an chaisleáin maraon le cuid de na hainmneacha atá le léamh ar na fallaí!</i>
4.	Cad is ainm don Chlós Súgartha ag Loch Mucnú i mBaile na Lorgain agus cén créatúr atá luaite san ainm?
5.	Ar spuaic Eaglais Stáin Naomh Peadair i Láithreach tá coileach gaoithe agus coileach óg geal daite in airde air. Cén dath geal atá ar a choiricín (combs)?
6.	Agus tú i mbaile Mhuineacháin bí ag faire amach do shéadchomhartha ar a bhfuil ocht dtaobh agus scardán uisce. Féach in airde air agus is léir go bhfuil ceannlitir greanta ar gach taobh. Focal amháin atá sna litreacha le chéile – cén focal?
7.	Téigh amach agus bain sult as siúlóid i bPáirc Foraoise Ros Mór in aice le baile Mhuineacháin – cé mhéad fathach atá sa pháirc agus cad is ainm dóibh? <i>Breis pointí más féidir leat teacht ar fhreagra na ceiste seo, cén dath atá ar ingne coise an Fhathach atá sa chlós súgartha?</i>
8.	Cén fear cáiliúil atá ina shuí go hard i lár Sráidbhaile Ghlas Locha? <i>Breis pointí más féidir leat a rá cad de a rinneadh é!</i>

9. Suíomh nádúrtha an-álainn ar fad is ea Bragán/Sliabh Beatha maidir le fiadhúlra agus bithéagsúlacht. An féidir leat cuid de na plandaí a fhásann ann a ainmniú?

10. I mbaile mór Chluain Eois tá an-chuid múrmhaisithe daite agus iad greannmhar freisin – bí ag siúl thart agus inis dúinn cé mhéad a d’aimsigh tú agus cad atá le feiceáil iontu go léir!